Rewarding Learning

**Uimhir Lárionaid**

| 71 | |
|---|---|

**Uimhir Iarrthóra**

| |
|---|

**General Certificate of Secondary Education**
**2009–2010**

# Eolaíocht: Teastas Dúbailte (Modúlach)

## Úsáid Ábhar agus Tuiscint Imoibrithe
## Triail Deireadh Modúil
## Ardsraith

# B

**[GDB02]**

GDB02

**DÉ CÉADAOIN 24 FEABHRA 2010, MAIDIN**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** den **dá** cheist **déag**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá Bileog Sonraí, ina bhfuil Tábla Peiriadach na ndúl, ar fáil le húsáid agat.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |

| **Marc Iomlán** | |
|---|---|

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** Sóid aráin a thugtar ar hidrigincharbónáit sóidiam, $NaHCO_3$.

**(a) (i)** Cá mhéad **dúil** atá i hidrigincharbónáit sóidiam?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Cá mhéad **adamh ocsaigine** atá san fhoirmle do hidrigincharbónáit sóidiam?

_______________________________________________ [1]

**(b)** Nuair a théitear hidrigincharbónáit sóidiam dianscaoileann sí agus déantar carbónáit sóidiam, dé-ocsaíd charbóin agus uisce.

Scríobh an fhoirmle do charbónáit sóidiam. Is féidir go mbeidh do Bhileog Sonraí ina cuidiú agat.

_______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** Anseo thíos tá na hainmneacha atá ar chúig chineál dhifriúla d'imoibriú ceimiceach.

**dó** **leictrealú** **neodrú**

**dí-ocsaídiú** **ocsaídiú**


**A**, **B**, **C**, **D** agus **E** anseo thíos, is ráitis nó cothromóidí iad a chuireann síos ar imoibrithe ceimiceacha. Agus na hainmneacha thuas in úsáid agat, luaigh an cineál d'imoibriú a gcuireann **A**, **B**, **C**, **D** agus **E** síos air. Tá an chéad cheann déanta.

| | Imoibriú Ceimiceach | Cineál d'imoibriú |
|---|---|---|
| **A** | Dóitear breosla agus scaoiltear fuinneamh, uisce agus dé-ocsaíd charbón. | dó |
| **B** | $NaOH + HCl \rightarrow NaCl + H_2O$ | ____________________ |
| **C** | Dianscaoiltear ocsaíd alúmanaim leáite ina dúile trí leictreachas a chur tríthi. | ____________________ |
| **D** | $CuO + H_2 \rightarrow Cu + H_2O$ | ____________________ |
| **E** | Imoibríonn iarann le hocsaigin san aer agus déantar ocsaíd iarainn hiodráite. | ____________________ |

[4]

**3** Rinne daltaí samplaí uisce ó 3 bhaile mhóra dhifriúla, **A**, **B** agus **C**, a thástáil le haghaidh cruais.

Chuir siad tuaslagán gallúnaí (5 $cm^3$) le 10 $cm^3$ de gach sampla uisce agus chroith siad é. Thaifead siad airde an tsobail a rinneadh. Taispeánann an léaráid thíos na torthaí.




**(a)** Cad é a chiallaíonn uisce crua?

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

**(b)** Cé acu baile mór, **A**, **B** nó **C** ina bhfuil an t-uisce is crua sa soláthar uisce?

______________________________________________________________ [1]

**(c)** Luaigh míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le huisce crua.

______________________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Imoibríonn aigéid le halcailí agus déantar salainn.

**(a)** Comhlánaigh an tábla trí na ceimiceáin atá ar iarraidh a chur isteach.

| Aigéad | Alcaile | Salann |
|---|---|---|
| aigéad sulfarach | hiodrocsaíd photaisiam | |
| | hiodrocsaíd photaisiam | clóiríd photaisiam |
| aigéad nítreach | | níotráit sóidiam |

[3]

**(b)** Seachas salann, cad é an tsubstaint eile a dhéantar nuair a imoibríonn aigéad le halcaile?

_______________________________________________ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|
| | |

**5** Tá 3 cháithnín in adamh, an prótón, an leictreon agus an neodrón. Comhlánaigh an tábla thíos tríd an mhais choibhneasta, an lucht agus suíomh gach cáithnín san adamh a chur isteach.

| **Ainm an cháithnín** | **Lucht** | **Mais choibhneasta** | **Suíomh an cháithnín san adamh** |
|---|---|---|---|
| prótón | | 1 | |
| leictreon | –1 | | taobh amuigh den núicléas |
| neodrón | | 1 | sa núicléas |

[4]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** An dúil clóirín is ábhar don cheist seo.

**(a)** Tá clóirín ann mar dhá iseatóp. Cad é is iseatóp ann?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Is féidir le clóirín comhdhúile a dhéanamh le miotail agus le neamh-mhiotail araon.


Nuair a dhéanann clóirín comhdhúil le neamh-mhiotal amhail hidrigin, comhroinneann sé féin agus an hidrigin leictreon amháin ar a sceallaí seachtracha.

Cad é a thugtar ar an chineál seo de nasc?

______________________________________________ [1]

**(c)** Nuair a dhéanann clóirín comhdhúil le miotal amhail sóidiam, déanann an clóirín agus an sóidiam iain.

**(i)** Comhlánaigh an léaráid lipéadaithe anseo thíos lena thaispeáint cén cóiriúchán atá ar na leictreoin uile san **ian** a dhéanann clóirín agus luaigh lucht an iain.




[2]


**(ii)** Cén **t-ainm** atá ar an **ian** a dhéanann clóirín?

______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**7** Taispeánan an léaráid thíos struchtúr leictreonach na comhdhúile amóinia, $NH_3$.

Tá dhá leictreon ar iarraidh ón léaráid.




**(a)** Comhlánaigh an léaráid tríd an **dá** leictreon atá ar iarraidh a chur isteach. Is féidir go mbeidh do Bhileog Sonraí ina cuidiú agat.

______________________________ [1]

**(b)** Tá amóinia éadathach, tá boladh suntasach air agus tá sé intuaslagtha in uisce. Luaigh airí **fisiceach amháin eile** a bheadh ag amóinia.


______________________________ [1]

**(c)** Sa spás thíos, tarraing léaráid lena thaispeáint cad é an dóigh a nascann hidrigin le hocsaigin le huisce a dhéanamh. Ba chóir duit na leictreoin **uile** a thaispeáint do hidrigin agus d'ocsaigin araon.

[2]

**8** Is ábhar cumaisc nádúrtha é cnámh.

Anseo thíos tá léaráid d'alt an chromáin.




**(a)** Cuirtear síos ar chnámh mar ábhar cumaisc. Mínigh cad chuige.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________ [2]

**(b)** Is as ábhar ceirmeach a dhéantar an t-úll in alt saorga an chromáin.

Seachas neart, cén t-airí d'ábhar ceirmeach a fhágann go bhfuil sé fóirsteanach lena úsáid in alt saorga an chromáin?

Luaigh fáth le do fhreagra.

Airí: ________________________________

Fáth: ________________________________


________________________________________

________________________________________

________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**9** Struchtúr graifíte atá sa léaráid seo thíos.



© Chemistry in Use by Roland Jackson, published by Pearson Education, 1984 & 1987, ISBN 0582013941

**(a)** Agus tagairt á déanamh agat dá struchtúr, mínigh an fáth a n-úsáidtear graifít mar bhealadh.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]


**(b)** Is neamh-mhiotal í graifít a sheolann leictreachas. Agus tagairt á déanamh agat dá struchtúr, mínigh cad é mar is féidir le graifít leictreachas a sheoladh.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(c)** Tá struchtúr ollmhór ag diamant atá déanta d'adaimh charbóin chomh maith.



© Chemistry in Use by Roland Jackson, published by Pearson Education, 1984 & 1987, ISBN 0582013941

**Ní** féidir diamant a úsáid mar cheachtar acu bealadh nó seoltóir leictreach. Cad chuige?

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**10** Taispeánann an léaráid thíos teannaire rothair a bhfuil 66 $cm^3$ d'aer gafa ann ag 280 K agus faoi bhrú 7000 Pa.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |




Teannaire rothair

Mhéadaigh dalta an brú go 9000 Pa agus an teocht go 300 K.

Úsáid an fhoirmle $\frac{PV}{T}$ = tairiseach le toirt úr an aeir sa teannaire a ríomh.

Taispeáin do chuid oibre. Luaigh na **haonaid**.

Freagra: ______________________ [4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**11** Déantar uisce crua nuair a bhíonn uisce báistí a bhfuil dé-ocsaíd charbóin thuaslagtha ann ag titim ar aolchloch (carbónáit chailciam). Tá hidrigincharbónáit chailciam sa chineál seo d'uisce crua.

**(a)** Comhlánaigh an chothromóid cheimiceach nuair a dhéantar uisce crua ó charbónáit chailciam.

$CaCO_3$ + + →

[2]

**(b)** Liosta ian atá anseo thíos.

sóidiam $Na^+$

hidrigin $H^+$

maignéisiam $Mg^{2+}$

hiodrocsaíd $OH^-$

cailciam $Ca^{2+}$

hidrigincharbónáit $HCO_3^-$

carbónáit $CO_3^{2-}$


**(i)** Ón liosta, roghnaigh **dhá** ian is cúis le huisce crua.

______________________________________________ [1]

**(ii)** Roghnaigh ian **amháin** is féidir a úsáid i roisín ianmhalartaithe le huisce crua a dhéanamh bog.

______________________________________________ [1]

**12** Úsáidtear an fearas seo a leanas le clóiríd litiam a leictrealú.




**(a)** Slata carbóin atá á n-úsáid mar leictreoidí sa leictrealú seo. Luaigh **dhá** fháth le cad chuige.

1. ______________________________________________

2. ____________________________________________ [2]

**(b)** Scríobh cothromóid ianach don imoibriú a tharlaíonn ag an **chatóid**.

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

110809